Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Iúil 2025
(OR. en)

**11748/25**
**ADD 2**

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0222 (COD)**
**2025/0550 (COD)**

| | |
|---|---|
| **EDUC 326** | **GENDER 166** |
| **JEUN 201** | **ANTIDISCRIM 76** |
| **SPORT 31** | **SAN 489** |
| **SOC 533** | **IND 287** |
| **COMPET 756** | **PROCIV 105** |
| **DIGIT 147** | **HYBRID 98** |
| **ENV 719** | **DISINFO 68** |
| **CADREFIN 106** | **JAI 1115** |
| **FIN 897** | **SERVICES 34** |
| **IA 89** | **POLGEN 99** |
| **CODEC 1043** | **MI 561** |
| **CULT 88** | **RELEX 1037** |
| **CULT HERIT 10** | **INF 123** |
| **AUDIO 68** | **COPEN 229** |
| **FREMP 212** | **JUSTCIV 138** |
| **DATAPROTECT 163** | **DROIPEN 90** |

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2025) 551 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR<br>a ghabhann leis an doiciméad<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár ‘AgoraEU’ le haghaidh na tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818<br>agus<br>Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár Erasmus+ le haghaidh na tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2025) 551 final.

---

Faoi iamh: SWD(2025) 551 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2025
SWD(2025) 551 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár 'AgoraEU' le haghaidh na tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/692 agus (AE) 2021/818**

**agus**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár Erasmus+ le haghaidh na tréimhse 2028-2034, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2021/817 agus (AE) 2021/888**

{COM(2025) 550 final} - {SEC(2025) 547 final} - {SWD(2025) 550 final}

Tá an measúnú tionchair seo dírithe ar chistiú ón Aontas lena dtacaítear leis na réimsí beartais a bhaineann le **hoideachas trasteorann, oiliúint, dlúthpháirtíocht, an óige, na meáin, earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, luachanna agus an tsochaí shibhialta**. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar na roghanna beartais is tábhachtaí atá mar bhonn taca faoi na tograí reachtacha le haghaidh cláir faoin gcéad chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) eile.

Bunaithe ar thorthaí na meastóireachtaí meántéarma ar na hionstraimí cistiúcháin atá ann faoi láthair le haghaidh na tréimhse 2021- 2027, breithnítear sa mheasúnú tionchair seo freisin an uaillmhian, a leagtar amach sna Treoirlínte Polaitiúla, lena bhforáiltear go mbeidh buiséad fadtéarmach nua an Aontais níos dírithe, níos simplí, go mbeidh tionchar níos mó aige, agus go gcuirfear in iúl é trí níos lú clár.

Breithnítear gnéithe beartais san anailís ar an gcomhthéacs, ar shainiú na faidhbe agus ar na cuspóirí, rud a chuireann bonn eolais faoi na roghanna maidir le struchtúr cistiúcháin. Ós rud é go mbeidh difríocht shuntasach idir struchtúr an chéad CAI eile agus an struchtúr atá ann faoi láthair[1], **ní áirítear cásanna buiséadacha ag an gcéim seo sa mheasúnú tionchair seo**.

I dteannta thorthaí na meastóireachtaí meántéarma ar na cláir atá ann faoi láthair agus na meastóireachtaí deiridh ar chláir roimhe sin, leis an measúnú tionchair seo, cuirtear leis na cleachtaí athbhreithnithe caiteachais, tuarascálacha, staidéir agus taighde earnála éagsúil. Léirítear leis freisin torthaí an Chomhairliúcháin Phoiblí Oscailte (CPO), inar bailíodh 5 845 fhreagra bhailí, chomh maith le comhairliúcháin eile le páirtithe leasmhara a d’eagraigh an Coimisiún mar chuid den chleachtadh sin.

**Fadhbanna**

Is é túsphointe an mheasúnaithe tionchair seo an anailís ar na dúshláin agus ar na cúiseanna faidhbe atá ann faoi láthair sna réimsí beartais a chumhdaítear laistigh den bhraisle. I gcomhréir leis na treoirlínte polaitiúla le haghaidh chleachtadh CAI, agus go háirithe leis an gcuspóir a bhaineann le buiséad bunaithe ar bheartais a fhorbairt, déantar gnéithe beartais a mheas san anailís ar shainiú na faidhbe agus ar na cuspóirí agus, dá réir sin, déantar eolas do rogha struchtúir na gclár cistiúcháin a bheidh ann amach anseo.

Leis an anailís sainaithníodh gurb amhlaidh nach bhfuil acmhainneacht bainte amach le buiséad an Aontais chun cuidiú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin lena ndéantar difear do na réimsí beartais sa bhraisle seo. Mar thoradh air sin, sainíodh **trí fhadhb** lena ndéantar difear d’idirghabháil airgeadais an Aontais: bhain dhá cheann acu le hábhar beartais, bhain an tríú ceann le dúshláin lena ndéantar difear do dhearadh agus cur chun feidhme na hidirghabhála airgeadais.

[1] Teachtaireacht maidir leis an mBóthar i dTreo an Chéad Chreata Airgeadais Ilbhliantúil Eile (COM/2025/46 final).

***Fadhb 1****: Bagairtí ar an daonlathas, ar chearta bunúsacha agus ar luachanna, cultúr agus éagsúlacht chultúrtha an Aontais, agus laghdú ar spásanna sibhialta agus meán*

***Fadhb 2****: Easnamh scileanna agus príomhinniúlachtaí le haghaidh an tsaoil agus post*

***Fadhb 3****: Dúshláin do dhearadh agus struchtúr ionstraimí maoiniúcháin an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna beartais.*

Déantar gach fadhb a mhíniú a thuilleadh ansin le sraith cúiseanna, lena dtugtar tuairisc ar ghnéithe sonracha den fhadhb agus lena sonraítear na príomh- shaincheisteanna nach mór aghaidh a thabhairt orthu trí idirghabháil airgeadais an Aontais. Leis an measúnú tionchair léirítear freisin gur dócha go leanfaidh na fadhbanna agus na cúiseanna sin de bheith ann gan tacaíocht airgeadais ón Aontas, trí anailís a dhéanamh orthu trí lionsa an tacair meigithreochtaí a shainaithin Lárionad Inniúlachta an Choimisiúin Eorpaigh um Fhadbhreathnaitheacht[2].

**Cuspóirí**

Cuirtear in iúl ansin i gcuspóirí ginearálta agus sonracha an fhreagairt a fhéadfar a thabhairt le hionstraimí cistiúcháin an Aontais amach anseo chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin. Go sonrach, leis an measúnú tionchair ceanglaítear cuspóir ginearálta amháin le gach ceann de na trí fhadhb a shainaithnítear:

***Cuspóir ginearálta 1****: Cumas an Aontais a fheabhsú agus a dhoimhniú chun ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh, breisluach a sholáthar agus cearta bunúsacha agus luachanna, daonlathas, meáin agus cultúr an Aontais a chur chun cinn.*

***Cuspóir ginearálta 2****: Cumas an Aontais a fheabhsú agus a dhoimhniú chun ranníocaíocht airgeadais agus tacaíocht a thabhairt agus breisluach a sholáthar don oideachas agus oiliúint trasteorann, don óige, don spórt agus don dlúthpháirtíocht, rud a rannchuidíonn le scileanna ar feadh an tsaoil agus le poist.*

***Cuspóir ginearálta 3****: Cumas an Aontais a fheabhsú agus a dhoimhniú chun ranníocaíocht airgeadais a dhéanamh agus breisluach a sholáthar sna beartais sin le dearadh lena gcothaítear leordhóthanacht an chistithe do bheartais, simpliú, comhordú agus sineirgí.*

Cuirtear gach cuspóir ginearálta in iúl a thuilleadh ansin i gcuspóirí sonracha, lena dtugtar tuairisc ar leibhéal gráinneachta níos airde ar an ranníocaíocht is féidir a dhéanamh le hidirghabháil airgeadais an Aontais chun an cuspóir foriomlán nó na cuspóirí foriomlána a bhaint amach.

**An riachtanas agus an breisluach a bhaineann le gníomhaíocht an Aontais**

Tá na réimsí beartais a chumhdaítear leis an measúnú tionchair seo fréamhaithe go daingean i gConarthaí an Aontais, lena soláthraítear na bunúis dlí le haghaidh ghníomhaíocht an Aontais trí idirghabhálacha airgeadais. Tá buiséad an Aontais sna réimsí sin ríthábhachtach do

[2] D'aithin Mol Meigithreochtaí an Choimisiúin 14 mheigithreocht.

bhunchlocha an Aontais, leis sin cuirtear dlús leis an dul chun cinn ar fud na mBallstát uile agus tá gá ar leith leis chun an méid seo a leanas a dhéanamh: (1) aghaidh a thabhairt ar dhúshláin thrasnáisiúnta agus choiteanna; (2) tionchar sistéamach a bhaint amach ach bearnaí a líonadh agus cur chuige Eorpach a áirithiú; agus (3) feabhas a chur ar an gcomhleanúnachas idir beartais inmheánacha agus sheachtracha.

I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, léirítear breisluach ghníomhaíocht an Aontais maidir leis an méid seo a leanas: (1) Braistint shaoránacht an Aontais, dlúthpháirtíochta agus muintearais a chothú; (2) Caighdeáin arda a áirithiú ar fud an Aontais; (3) Tacú leis an Margadh Aonair agus é a threisiú agus feabhas a chur ar rochtain chothrom ar fud an Aontais; agus (4) Luach a chur leis sin trí sholáthar níos fearr. Is gá an breisluach agus an tionchar a léirmhíniú i gcomhthéacs na n-acmhainní buiséadacha atá ar fáil.

**Roghanna beartais**

Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin ar a dtugtar tuairisc sa roinn roimhe seo, ós rud é gur dócha go leanfaidh siad ar aghaidh amach anseo agus go bhfuil gá le hidirghabháil ó Aontas sa réimse sin agus go gcuireann sí luach leis sin, leis an measúnú tionchair **beartaítear trí rogha mhalartacha maidir le struchtúr an chistithe ón Aontas amach anseo**. Cuirtear roghanna breise i láthair freisin, roghanna a breithníodh ach a cuireadh i leataobh ag céim luath – is é sin, scor de chistiú ón Aontas; cumasc an Chláir um Cheartas agus cumraíochtaí cumaisc eile.

Dearadh na roghanna trí shraith critéar[3] a sainaithníodh trí mhapáil agus anailís tosaigh a dhéanamh ar chomhpháirteanna agus ar ghnéithe cur chun feidhme d'ionstraimí cistiúcháin an Aontais le haghaidh na clárthréimhse atá ann faoi láthair lena dtacaítear leis na réimsí beartais ábhartha.

**Seasann an chéad rogha don bhunlíne**, ag leanúint de na cláir atá ann cheana mar chláir neamhspleácha (rogha 1 – Leanúnachas). Leis an **dara rogha moltar dhá chlár**, agus le gach ceann acu tacaítear go príomha le ceann amháin den dá fhadhb atá dírithe ar bheartais agus leis na cuspóirí ginearálta comhfhreagracha (rogha 2 – comhdhlúthú cuspóirbhunaithe). **Leis an tríú rogha moltar aon chlár amháin**, lena dtacaítear le cur chun feidhme na réimsí beartais uile a chumhdaítear faoin mbraisle seo (rogha 3 – Comhtháthú iomlán). Leanann an Clár um Cheartas de bheith neamhspleách i ngach cás, ar chúiseanna a bhaineann lena bhunús dlí.

Tar éis na trí rogha beartais a chur i láthair, leis an measúnú tionchair tairgtear anailís ar a bpríomhthionchar féideartha ar fud na ngnéithe sóisialta (e.g. rannchuidiú le hathléimneacht dhaonlathach agus shochaíoch; rannchuidiú le cuimsiú agus comhtháthú sóisialta, tionchar ar fhorbairt phearsanta, shóisialta, shibhialta agus ghairmiúil na saoránach), eacnamaíocha (e.g. iomaíochas; infhostaitheacht) agus comhshaoil is ábhartha. Ina theannta sin, cuirtear i láthair

---

[3] Ar na gnéithe a úsáideadh chun comparáid a dhéanamh áiríodh: an comhthéacs polaitiúil, cúiseanna faidhbe an mheasúnaithe tionchair, bunús dlí, inniúlacht nó coimhdeacht, rannpháirtíocht tríú tíortha, modhanna cur chun feidhme, rialachas, struchtúr inmheánach, spriocghrúpaí, brandáil agus cistiú.

leis anailís costais agus tairbhe, agus tionchair na roghanna ar dhigiteáil, cearta bunúsacha agus comhionannas. Déantar anailís leis freisin ar rannchuidiú na roghanna le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) na Náisiún Aontaithe.

I dteannta an mheasúnaithe tionchair, leis an measúnú tionchair áirítear freisin **comparáid idir na trí rogha bunaithe ar shamhail na Meastóireachta Ilchritéar Sóisialta (MICS)**, rud a measadh a bheith iomchuí don chleachtadh sonrach sin mar gheall ar raon feidhme agus éagsúlacht mhór idirghabhálacha na braisle sin. Trí MICS, cuirtear na trí rogha i gcomparáid le chéile feadh ceithre ghné, is é sin **a n-éifeachtacht, a n-éifeachtúlacht, a gcomhleanúnachas agus a gcomhréireacht**. Maidir le gach ceann de na gnéithe sin, comhaontaíodh tacar cuspóirí, lena léirítear na tosaíochtaí a leagtar amach faoi Chuspóirí Ginearálta 1, 2 agus 3. Scóráladh tionchar na dtrí rogha ansin in aghaidh tacar 39 dtáscaire chomhaontaithe, agus úsáid á baint as an raon seo a leanas: --- (an ceann is diúltaí), --, -, =, +, ++, +++ (an ceann is dearfaí). Bhí an scóráil bunaithe ar mheasúnú saineolach, ag brath ar thorthaí na meastóireachtaí atá ann faoi láthair, athbhreithnithe caiteachais, treoirlínte polaitiúla agus tuarascálacha beartais, staidéir, CPO, agus tuarascálacha agus suirbhéanna earnála neamhspleácha. Fuarthas an rangú, ag glacadh leis go bhfuil an t-ualach céanna ag na táscairí uile, trí shamhail SOCRATES a chur i bhfeidhm.[4] Fíoraíodh stóinseacht na dtorthaí a fuarthas trí anailísí íogaireachta áitiúla agus domhanda, d'ainneoin roinnt teorainneacha maidir le hinfhaighteacht na sonraí le haghaidh thriantánú na dtorthaí. Le hIarscríbhinn 4 a ghabhann leis an measúnú tionchair, soláthraítear tuilleadh mínithe ar an modheolaíocht thuasluaite agus ar rangú na roghanna beartais.

**An rogha thosaíochta**

Mar thoradh ar an gcomparáid sin léirítear gurb amhlaidh le **rogha 2 ('comhdhlúthú cuspóirbhunaithe') a thairgtear acmhainneacht níos fearr i gcomparáid leis na roghanna eile a breithníodh**. Go sonrach, leis sin ceadaítear comhordú agus solúbthacht níos láidre, agus úsáid, ag a bhfuil níos mó tionchair, as buiséad an Aontais – agus fócas soiléir ar spriocanna beartais á chaomhnú an tráth céanna. I mbeagán focal, le rogha 2 tairgtear an chothromaíocht is fearr idir simpliú agus ábharthacht beartais. Ina theannta sin, freagraíonn an rogha sin a mhéid is féidir do na hiarrataí arna gcur in iúl ag páirtithe leasmhara agus ag an bpobal, is é sin inrochtaineacht níos fearr ar chistiú, solúbthacht maidir le leithdháileadh acmhainní, chomh maith le hinfheictheacht brandaí seanbhunaithe faoin mbraisle seo a choinneáil ar bun.

Déanfar faireachán ar rath an tionscnaimh tríd an gcreat feidhmíochta le haghaidh an bhuiséid tar éis 2027.

[4] Féach Uirlis #62 de Rialáil Níos Fearr. Chun rangú beartais a fháil atá i gcomhréir leis an bhfaisnéis atá sa mhaitrís tionchair, cuireadh riail chomhiomlánaithe mhatamaiticiúil neamhchúiteach i bhfeidhm leis an anailís.